C/2025/5880

4.11.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5880)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Nebbiolo d'Alba'

Uimhir thagartha an Aontais: PDO-IT-A1213-AM03 - 6.8.2025

1. **Ainm an táirge**

'Nebbiolo d'Alba'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ TGFC

☑ ATFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoisí – An Roinn um Cheannasacht Bia agus Spórt Eachaíochta – An Ard-Stiúrthóireacht um Cháilíocht Agraibhia a Chur Chun Cinn – PQA I

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Deimhnítear go gcomhlíonann formheas an leasaithe chaighdeánaigh sin agus an teachtaireacht ina leith na coinníollacha maidir le formheas ar leasú caighdeánach faoi Rialachán (AE) 2024/1143 agus na forálacha arna nglacadh dá bhun.

Tagann an leasú sin faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc;

— nach bhfuil athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach i gceist leis;

— nach bhfuil baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

— nach bhfuil aon srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leis.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Ceannteideal

An cineál a chur isteach: 'Nebbiolo d'Alba' geal súilíneach.

Tuairisc

Áiríodh an cineál 'geal' sa chatagóir 'Fíon súilíneach ar ardchaighdeán', lena bhforlíontar na cineálacha 'dearga' agus 'rosé' atá ann cheana.

Baineann an leasú le hAirteagail 1, 4, 5, 6 agus 9 den tsonraíocht táirge, agus le roinn 6, 'Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta', sa doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Tagairtí do 'Nebbiolo d'Alba' *rosé* súilíneach a scriosadh

Tuairisc

Le tabhairt isteach an chineáil 'Nebbiolo d'Alba' geal súilíneach, baineadh na tagairtí uile don chineál 'Nebbiolo d'Alba' *rosé* súilíneach agus cuireadh tagairt aonair don chatagóir 'Fíon súilíneach ar ardchaighdeán' ina ionad i dtrí dhath: fíonta dearga, fíonta *rosé* agus fíonta geala.

Baineann an leasú le hAirteagail 1, 4 agus 5 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Ceartúchán eagarthóireachta

Tuairisc

Scriosadh an focal 'menzioni' [tagairtí] agus tagairt á déanamh do liosta na gcineálacha a tháirgtear le haghaidh an ainmniúcháin.

Baineann an leasú le hAirteagal 1 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Ceartúchán eagarthóireachta

Tuairisc

Cuireadh soiléiriú isteach maidir le liosta na gcineálacha a tháirgtear le haghaidh an ainmniúcháin.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Mír a scriosadh

Tuairisc

Scriosadh an mhír lenar leagadh amach an rogha don réigiún cuimsiú fíniúnacha nua-phlandaithe i gclárlann na bhfíonghort a chur ar fionraí agus/nó a rialáil, fiú go sealadach, ar fíniúnacha iad a mhéadaíonn acmhainneacht táirgeachta an ainmniúcháin.

Baineann an leasú le hAirteagal 4(7) den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Ceartúchán eagarthóireachta

Tuairisc

Cuireadh an téarma 'baisc' in ionad an téarma 'táirge'

Baineann an leasú le hAirteagal 5(2) den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Tagairtí d'aosú agus do scaoileadh lena dtomhailt a scriosadh sa chatagóir 'Fíon súilíneach ar ardchaighdeán'

Tuairisc

Scriosadh tagairtí don tréimhse aosaithe agus do scaoileadh lena dtomhailt i gcás gach cineáil fíona shúilínigh.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5(4) den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Soiléiriú maidir le táirgeadh fíona shúilínigh

Tuairisc

Cuireadh tagairt leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm maidir leis na modhanna táirgthe a cheadaítear le haghaidh fíonta súilíneacha dearga, *rosé* agus geala.

Baineann an leasú le hAirteagal 5(5) den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Tréithe orgánaileipteacha

Tuairisc

Leasaíodh roinnt de na saintréithe orgánaileipteacha.

Go sonrach maidir le 'Nebbiolo d'Alba' dearg súilíneach, chomh maith leis an tuairisceoir 'dearg' a áireamh, leathnaíodh na saintréithe dea-bholaidh, leasaíodh na saintréithe dea-bholaidh agus íslíodh an neart alcóil iomlán íosta de réir toirte.

Maidir leis an 'Nebbiolo d'Alba' *rosé* súilíneach, chomh maith leis an tuairisceoir 'rosé' a áireamh, leathnaíodh na saintréithe dea-bholaidh, leasaíodh na saintréithe dea-bholaidh agus íslíodh an neart alcóil iomlán íosta de réir toirte.

Cuireadh saintréithe nuair a thomhlaítear leis freisin maidir le 'Nebbiolo d'Alba' geal súilíneach nua-áirithe.

Baineann an leasú le hAirteagal 6 den tsonraíocht táirge, agus le roinn 6, 'Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta', sa doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Mír a scriosadh

Tuairisc

Scriosadh an mhír inar tagraíodh do chumhacht na hAireachta na teorainneacha íosta a leagtar síos maidir le haigéadacht iomlán agus eastóscán íosta saor ó shiúcra a leasú le foraithne.

Baineann an leasú le hAirteagal 6(2) den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Rialacha maidir le húsáid an téarma 'Vigna' a scriosadh

Tuairisc

Cuireadh tagairt ghinearálta don reachtaíocht atá i bhfeidhm in ionad liosta na rialacha maidir le húsáid an téarma 'Vigna'.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 7(3) den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

An nasc geografach leis an gcomhshaol a chur isteach

Tuairisc

Maidir leis an nasc geografach leis an gcomhshaol, áiríodh tuilleadh faisnéise maidir le táirgeadh na gcineálacha éagsúla sa chatagóir 'Fíon súilíneach ar ardchaighdeán'.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 9 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

An tagairt don chomhlacht cigireachta a scriosadh.

Tuairsic

Leasaíodh an t-airteagal sa tsonraíocht ina raibh tagairtí don chomhlacht rialaithe, agus cuireadh tagairt d'fhoilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil údarás inniúil an Bhallstáit in ionad na faisnéise.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 10 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Nebbiolo d'Alba'

Uimhir thagartha an Aontais: PDO-IT-A1213-AM03 - 6.8.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Nebbiolo d'Alba

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Iodáil

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

(1) Fíon

(5) Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Nebbiolo d'Alba

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath: dath dearg an rúibín a dtagann dath an ghairnéid air de ghnáth;

Dea-bholadh

Dea-bholadh: torthaíoch agus sainiúil;

Blas

Blas: tirim, mín, comhchuí.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte: 12,00 %; ar a bhfuil an téarma 'Vigna' 12,50 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21,0 g/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Nebbiolo d'Alba Superiore

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath: dath dearg an rúibín a dtagann dath an ghairnéid air de ghnáth;

Dea-bholadh

Dea-bholadh: torthaíoch agus sainiúil a bhféadfadh ruainníní adhmaid a bheith le brath air;

Blas

Blas: tirim, mín, comhchuí.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte: 12,50 %; ar a bhfuil an téarma 'Vigna' 13,00 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 22,0 g/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Nebbiolo d'Alba dearg súilíneach

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath: dath dearg an rúibín, a dtagann dath an ghairnéid de dhéine éagsúil air de ghnáth;

Boilgeoga: mín agus marthanach;

Glaineacht: gléineach.

Dea-bholadh

Dea-bholadh: glan, torthaíoch, cumhra agus casta lena mbaineann dea-bholaithe a thugann giosta agus crústa aráin chun cuimhne;

Blas

Blas: idir *brut nature* agus an-tirim, blasta agus dea-struchtúrtha.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte: 11,00 %; ar a bhfuil an téarma 'Vigna' 12,00 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17,0 g/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Nebbiolo d'Alba *rosé* súilíneach

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath: bándearg lena mbaineann déine éagsúil;

Boilgeoga: mín agus marthanach;

Glaineacht: gléineach.

Dea-bholadh

Dea-bholadh: glan, torthaíoch, cumhra agus casta agus athraíonn déine na ndea-bholaithe de réir an mhodha táirgthe (modh traidisiúnta nó Martinotti) lena mbaineann dea-bholaithe a thugann giosta agus crústa aráin chun cuimhne;

Blas

Blas: idir *brut nature* agus an-tirim, blasta agus dea-struchtúrtha.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte: 11,00 %; ar a bhfuil an téarma 'Vigna' 12,00 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16,0 g/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Nebbiolo d'Alba geal súilíneach

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath: buí ar dhath na tuí lena mbaineann déine éagsúil;

Boilgeoga: mín agus marthanach;

Dea-bholadh

Dea-bholadh: glan, torthaíoch, cumhra agus casta agus athraíonn déine na ndea-bholaithe de réir an mhodha táirgthe (modh traidisiúnta nó Martinotti) lena mbaineann dea-bholaithe a thugann giosta agus crústa aráin chun cuimhne;

Blas

Blas: idir *brut nature* agus an-tirim, blasta agus dea-struchtúrtha, comhchuí, d'fhéadfadh dea-bholaithe treasacha a bheith orthu.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte: 11,00 %; ar a bhfuil an téarma 'Vigna' 12,00 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 15,0 g/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíonóireachta

An dara coipeadh

Cineál cleachtais fhíoneolaíocha

Cleachtas sonrach fíoneolaíocha

Tuairisc

I dtáirgeadh fíonta súilíneacha dearga, *rosé* agus geala a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Nebbiolo d'Alba' acu, ceadaítear modh Martinotti agus an modh traidisiúnta araon de réir na reachtaíochta atá i bhfeidhm.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir /cineál / tíopa

Nebbiolo d'Alba agus Nebbiolo d'Alba Superiore

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	63
Aonad uastáirgeachta:	55,25 heictilítear in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir /cineál / tíopa

Nebbiolo d'Alba agus Nebbiolo d'Alba *rosé* súilíneach

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	77
Aonad uastáirgeachta:	55,25 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

Italia - Nebbiolo N - Prunent

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Na fíonchaora atá beartaithe chun fíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Nebbiolo d'Alba' a tháirgeadh, ní mór iad a fhás sa limistéar tionscnaimh arb é atá ann na bardais iomlána seo a leanas: Canale, Castellinaldo, Corneliano d'Alba, Monticello d'Alba, Piobesi d'Alba, Priocca, S. Vittoria d'Alba, Vezza d'Alba, Sinio e Govone, agus cuid de bhardais Alba, Bra, Baldissero d'Alba, Castagnito, Diano d'Alba, Grinzane Cavour, Guarene, La Morra, Magliano Alfieri, Monchiero, Monforte d'Alba, Montà, Montaldo Roero, Montelupo Albese, Monteu Roero, Novello, Pocapaglia, Roddi, Roddino, S. Stefano Roero, Sommariva Perno agus Verduno, i gcúige Cuneo.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

(1) Fíon

Tuairisc ar an nasc

Is é Nebbiolo an cineál fíniúna a fhástar ar na cnoic ar dheis agus ar chlé araon den abhainn Tanaro. Fástar é ar na fánaí a bhfuil an aghaidh is fearr acu, ina bhfaigheann sé foscadh ó shioc an earraigh. Saintréith den limistéar is ea an fhoirmíocht ar a dtugtar Rocche, atá mar thoradh ar fheiniméan geolaíoch ar leith ar a dtugtar 'Cattura del Tanaro' a chiallaíonn 'gabháil na habhann', nó athrú cúrsa na habhann, mar gheall ar ghluaiseacht screamh an Domhain. Mar thoradh ar an bhforbairt áirithe sin, cruthaíodh sraitheanna malartacha gainimh, créanna agus aolchloiche ar féidir teacht orthu i dteaglamaí éagsúla ag brath ar na limistéir. Déanann na teaglamaí sin difear do dhea-bholaithe agus do struchtúir fhíonta an limistéir sin.

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

(5) Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Tuairisc ar an nasc

Is é Nebbiolo an cineál fíniúna a fhástar ar na cnoic ar dheis agus ar chlé araon den abhainn Tanaro. Fástar é ar na fánaí a bhfuil an aghaidh is fearr acu, ina bhfaigheann sé foscadh ó shioc an earraigh. Saintréith den limistéar is ea an fhoirmíocht ar a dtugtar Rocche, atá mar thoradh ar fheiniméan geolaíoch ar leith ar a dtugtar 'Cattura del Tanaro' a chiallaíonn 'gabháil na habhann', nó athrú cúrsa na habhann, mar gheall ar ghluaiseacht screamh an Domhain. Mar thoradh ar an bhforbairt áirithe sin, cruthaíodh sraitheanna malartacha gainimh, créanna agus aolchloiche ar féidir teacht orthu i dteaglamaí éagsúla ag brath ar na limistéir. Déanann na teaglamaí sin difear do dhea-bholaithe agus do struchtúir fhíonta an limistéir sin.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

—

Ní bhaineann le hábhar

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/23400